Ag Breaṫnú Siar

Dónall Mac Aṁlaoiḃ

Ċuaiġ Harrí is mé féin isteaċ tí Pat ar cuma ar biṫ gur ordaiġ muid dá ċupáin tae dúinn féin. Ḃí Harrí ar bís ag feiṫeaṁ le nuaíoċt ó'n mbaile, le deiċ mbliana roiṁe sin; ḃíoḋ sé de ṡíor ag braiṫ ar a ḋul siar aḃaile ar ċuaird, aċ ba ṡin a ḃí ann. An iomarċa dúil in ól is i rástaí gaḃair a ċoinniġ as baile é. Nuair a ḃí a ndóṫain ċainnte déanta againn d'fága muid slán ag a ċéile agus ṡocraiġ muid go mbuailfeaḋ muid le ċéile ṫíos i lár a' ḃaile an maidin dár gcionn mar a ṫeagfaḋ leorraí an comhluċta dá n-iarraiḋ. Ċuaiġ Harrí aḃaile (ḃí sé ag fanaċt ag driofúir leis a ḃí pósta i Northampton) agus d'ḟill mé féin ar an lóistín.

Ḃí moill ar an ndinnéar nuair a ċuaiġ mé isteaċ ann agus mar sin b'ṡiúd isteaċ sa tseomra suiḋeaṁ mé imeasc na lóistéirí eile a ḃí ag fanaċt go foiġdeaċ go nglaoifí orṫu. Ḃíodar ina suí ṫart ar an dteine, nó ar an áit ar ċeart don teine a ḃeiṫ ba ċóir dom a rá; aċ go dtárruí Dia sinn, an splainc beag a ḃí ar an ngráta, ní ṫéiḋfeaḋ sí an t-iarainn a ḃí fúiṫí, ní áirim muide.

Éireannaiġ a ḃí i mbunáite na lóistéirí seo a ḃí istiġ roṁam aċ níor ṫug siad aon áird orm. Ḃíodar ró-strumpṫa leis an ḃfuaċt agus ró-stiúċta leis an ocras le go ḃféadfaḋ siad a ḃeiṫ ag ċur spéis i dtada eile seaċas an ḃéile a ḃí le teaċt. Ar aon nós, ḃíodar cleaċtuí ar strainséaraí feiceáil ag teaċt is ag imṫeaċt sa dteaċ sin, óir, mar a fuair mé amaċ gan mórán aċar, ba é ḃí ann ná fíor-ḋroċ áit.

Faoi ḋeire, ġlaoiġ sí féin orṫainn agus lean muid a ċéile isteaċ sa bproinleann gur ṡuí muid timpeall an ḃuird ṁóir fada a ḃí istiġ ann. Ṫáinic sí féin agus a h-iníon isteaċ annsin gur leag siad a ċuid féin síos roiṁ gaċ duine a'ainn. Ḃí cleaċta na mblianta a'm féin ar ṫiṫe lóistín is ar ḋroċ ḃeaṫa faoi seo, agus ba ḃeag rud a ċuirfeaḋ músiam orm; aċ a ḋreaṫairín ó tú, leiṫéide an ḃéile sin níor leagaḋ síos roṁam riaṁ roiṁe sin, le droċ ḃalaḋ, le domblastaċt is le teirce. Ṫug mé gráinseáil beag ṫart ar imeall an ṁeascáin agus ḃrú mé uaim an ṗláta annsin. Ḃí mo ċuid ċomrádaí ag oibriú leo dá ṡlugaḋ; aċ d'aiṫn mé orṫu naċ le grá dó a ḃíodar dá n-iṫe aċ ar ṁaiṫe le'n a sláinte.

Nuair a ḃí mé ag ḋul amaċ tríd an halla ċasaḋ cailleaċ a' tí í féin dom.

"Won't you wait for your sweet, Pat?" ar sise liom. Go deiṁin, arsa mise istiġ i mo intinn féin, má tá té tada cosúil leis an mbruascar eile sin ní láiṁseáilfinn ar láḋair ṗíce é.

Aċ rinne mé drad gáire beag léi agus ċraiṫ mé mo ċloigeann. Ba ċuig na "Smokers" a ḃí mo ṫriail anois, mar ó ḃí job fáiġṫe coṁ réiḋ sin agam, ní raḃ aon leisce orm cúpla scilleaċa a ċaiṫeaṁ san áit a mbeaḋ teas agus comhluadar. Nuair a ċuaiġ mé isteaċ doras an tí ósta, ḃí scata ṁaiṫ de ṁuinntir Ċonamara istiġ roṁam. Ba ag Ó Muraċú an sub-contractor a ḃíodar seo ag obair, agus ó ċaiṫ mé féin tamall ar an obair ċéadna, ḃí aiṫne a'm ar a mbunáite acu, ⁊ acu sin orm.

"Óra, a Danní a ḋiaḃail, an tú féin tá ann?" adeir Pádraic Breaṫnaċ as an Túirín liom, "gaḃ 'leiṫ, a ḋrioṫáir, go mbeiḋ deoċ a'd."

Ar ndó, ní raḃ uaim aċ an t-offer, agus glac mé leis an bpionnta mór leanna a ṡín sé ċugam go fonnṁar. Ḃí an oiread ċéadna fáilte ag an gcuid eile roṁam — ag Súilleaḃánaiġ na Ċeaṫrú Ruaí, ag Griailiseaċaí Ġlinn Ċaṫa agus ag gaċ dá raḃ ann acu de ṁuinntir na Gaeltaċta. Ní raḃadar ṫéis a ḋul aḃaile ċuig a mbéilí fós aċ ba ríḃeag a spéis i ndinnéar aon ḃean-a-tí, agus nuair a ḃuailfeaḋ an fonn iad gaḃfaidís ċuig Pat's Cafe ag iarraiḋ greim len iṫe. Ṡeasaḋ deoċ in aġaiḋ deoċ agus faoi ḋeire ḃí teas agus gile an tí ósta agus meiḋir an ċomhluadar de mo ḋéanaṁ dálta. Níor airiġ muid go raḃ sé in am dúnaḋ agus ċuaiġ muid anonn treasna ċuig Pat's Cafe annsin mar a ċaiṫ muid uair eile ag déanaṁ grinn dúinn féin. Ba nós ag go leor de na mbuaċaillí nuair a ċuirfí amaċ as an ósta iad, an cuid eile den oíċe a ċaiṫeaṁ ag ól tae is ag seanċuis istiġ toiġ Ṗat. Ceapfainn naċ mba ṁór é a ḃrabaċ as an obair sin aċ ní ḃíoḋ a ḋaṫ ḋoiċill aige rómpa dá ḃfanfaidís go maidin ann. Scaiṫtí, ṫugaḋ fear ceoil eicínt a ḟeadóg nó a ḃeiḋlín isteaċ leis agus ḃíoḋ ríleannaí is jigeannaí dá seinnt ann nó go n-éireóċ an comhluadar tuirseaċ. Aċ ní i gcónaí a ḃídís coṁ suailceaċ ná coṁ suaiṁneaċ sin agus ḃagruíoḋ dúnaḋ síos ag na Póilí níos mó ná geáḃ aṁáin ar Ṗat boċt mar ġeall ar na Páidíní ḃeiṫ ag troid eatorra féin istiġ ann. Tuiġ muid a n-aġaiḋ ar an mbaile faoi ḋeire ṫiar ṫall ar ċaoi ar biṫ, agus ḃain mé féin amaċ an tseomra beag ṗlúcta údan a raḃ mé ṫéis dreas ċodlata a ḋéanaṁ ċeana ann. Má ḃí balaḋ ṫrom gránnda ar maidin ann nuair naċ raḃ ann aċ mé féin ba seaċt n-uaire níba ṁeasa anois é agus an líon tí na gcoḋlaḋ. Ḃí fuaimeanna beaga éagsúla le ċloisteáil ann freisin — fear aṁáin ag srannaḋ, fear eile ag análú go ṗiaċánaċ agus sean duine a ḃí sa gcúinne amaċ róṁam ag ċoṁrá leis féin.

Ċaiṫ mé ḋíom mo ċuid éadaċ agus ṫóg mé amaċ mo ṡean-ḃalcaisí oibre faoi ċoinne na maidine agus leag mé ag bun na leapṫan iad. Ḃuail mé fúm ar an leaba ċaoil ċruaiḋ agus ḃí mé 'mo ċoḋlaḋ gan ṁoill.

Níṫear cuid mór de coṁġreasras an Ċoṁairle Condae agus

Bád Tarṫála

Ḃí bád tarrṫála Ċill Rónáin amuiġ deireaḋ na seaċtaine seo nuair a ḃí tráiléar de ċuid Ḃriotáin na Frainnce i mbaol taoḃ amuiġ de Ġaillim. Ḃí an tráiléar —an Lieut. Jean Carin as L'Orient taréis dul amaċ as Gaillim le dul na ḃaile; agus nuair a ḃí sí ag iascaċ taoḃ amuiġ do Oileán Árann, ṫáiniġ poll uirṫi agus ċuir sí amaċ teaċtaireaċt ġeiḃinn. Ċuaiġ bád tarrṫála Ċill Rónáin amaċ aċ ní raiḃ an poll ró olc, agus ḃí caidéal an tráiléara aḃálta an t-uisce a ċur amaċ, agus d'éiriġ léi dul go port na Gaillime í féin.

Toṁaiseanna

Cé'n luċóg go ḃfuil an fionnaí is lú uirṫi?
Fr.—An luċóg is lú.

— — — — —

Coṁ cruinn leis an úll,
Coṁ doiṁin leis an ċupán,
Agus mar sin féin
Ní ṫiġ leat á líonaḋ ariaṁ?
Fr.—Sioṫlán.

Agóid i gCoinniḃ Ḃéarla Éagorac

Doċtuir Breaṫnaċ ag Seasaṁ do Gaelgeoirí Árann

Is mion minic Gaeilgeoirí na Gaeltaċta ag gearán fá coṁairlí condae, agus ranna rialtais. ag déanaṁ gaċ uile ġnó le pobal na Gaeltaċta, as Béarla; ba beag áird a tugaḋ orṫa.

B'ḟéidir go dtaḃarfaí níos mó áird ar Eaċtránaċ, agus tá na hEaċtránaiġ féin anois ag labairt amaċ go poiblí fán éagóir uafásaċ atá á ḋéanaṁ ar pobal dúċas na Gaeltaċta.

An tseaċtain seo caite, labair an Dr. H. Pritchard Jones, doċtúir as an Ḃreatain Ḃig, atá anois ar Oileán Árann na Gaillime, faoi an éagóir atá á ḋéanaṁ ar na daoine ina ċeantar.

Is é an Doċtúir Jones, an Doċtúir íoclainne do Oileáin Árann, agus scríoḃ sé:

an Oispidéil Réagúnaċ, i mBéarla aṁáin. Tá cuma air go ḃfuil sé an deacair a ċur i dtuiscint do na hoifigeoirí seo, go ḃfuil gná pobal na háite seo, agus naċ labrann siad Béarla, agus naċ ḃfuil líofaċt ar biṫ acu i mBéarla. agus cuid ṁaiṫ acu naċ ḃfuil Béarla acu ċor ar biṫ.

Mar Eaċtránaċ, níl ceart ar biṫ, nó mian ar biṫ agamsa cur isteaċ ar gnóṫaí a ḃaineas le pobal na tíre ,aċ mar doċtúir, tá ceart agam, gnóṫaí a ṫógaint a ḃaineas go díreaċ le mo cuid oibre anseo.

Is céimí de Ċoláiste na Trionóide Baile Áṫa Cliaṫ, an Dr. Jones. Dúirt sé. ina ṫír féin, go gcuirtear na fógraí, na foirmeaċa, na litreaċa ċuig oṫair ar fad go dá ṫeangaċ, sa Ḃreaṫnais agus i mBéarla. Ní raiḃ sé sin á ḋéanaṁ toisc gur luċt aonteangaċ i gceaċtar den dá ṫeanga a ḃí ins na h-oṫair, aċ, go simplí mar gnáċ cuirtéis, adúirt sé.

Agus d'iarr sé:

Ḃeinn an buíoċ dá dtaḃarfaḋ siḃ meas faḃaraċ do coṁ-ḟreagarṫas .leis na h-oileáin seo ar aon ċuma ,a ḃeiṫ ḋáṫeangaċ.

Ceapaḋ an Dr. Jones go sealadaċ Meán Fóṁair seo ċaite, ⁊ tá sé na ċónaí ag Cill Muirḃí ar Inis Mór. Tá 900 daoine ar Inis Mór, agus tá sé ag freastal ar an 600 daoine atá ar Inis Meáin agus Inis Ṫiar.

Nuair a léiġ Liam Ó Luanaiġ a litir ag an cruinniú den Ċoṁairle Condae, ḃí molaḋ ag na baill dó. Arsa an Caṫaoirleaċ, Miċeál Mac Cárṫaiġ, T.D.: Is ana ḃreá ar fad an litir í sin."

Arsa Fiontán Ó Cuagáin. T.D. —Ba ċeart dúinn molaḋ a ṫaḃairt dó ar a ḋearcaḋ, agus an ċaoi atá sé ag freastal ar na daoine."

Do ṁíniġ Liam Ó Luanaiġ:—"Nuair a ġeiḃimíd litreaċa ó Árainn, bíonn an ċoṁfreagarṫas de gnáċ, i nGaeilge ,aċ tá cuid de na foirmeaċa i mBéarla. Níl sé fíor, go ḃfuil muid ag iarraiḋ taḃairt ar ḋaoine ar ṁaiṫ leo, gnó a ḋéanaṁ tré Ġaeilge, gnó a ḋéanaṁ linne tré Ḃéarla.

Carna

Scéal mór a rinneaḋ den reiliġ ag Muiġinis le déanaí, nuair a ḃí díospóireaċt ag muinntir na telefíse i nGaillim, ṫóg Miċeál Ó Móráin, an ċeist faoin reiliġ seo. Dála an scéil, léiriġ sé an dearcaḋ Béarla atá ag muinntir na telefíse gurḃ éigin do Ṁiċeál a ṁíniú go m'ḟearr leis gnó a ḋéanaṁ i nGaeilge, aċ ós rud é nár ṫuig an telefís an Ġaeilge go raiḃ sé ag cur na ceiste i mBéarla. Dúirt sé go raiḃ na coiníní coṁ líonṁar i Muiġinis ⁊ go raiḃ siad istiġ ar fud na reilige ina sluaite; gur lean na madraí iad, agus taréis coiníní a ṁarḃú, gur minic a ḃí na madraí ag toċailt ins na h-uaiġeanna. Dúirt sé gur luaiġ sé seo leis an Coṁairle Condae go minic le blianta, agus naċ dearnaḋ rud ar biṫ faoi. Fuair sé féin cnáṁa daoine na luí ar uaċtar, agus d'aḋlacaḋ sé arís iad. Ċonaic sé tógṫa na ḋiaiḋ sin freisin iad. Ag labairt an lá dár gcionn dúirt Miċeál Mac Cárṫaiġ naċ raiḃ fios ag an Coṁairle Condae go raiḃ uaiġeanna á dtoċailt, ⁊ cnáṁa á dtaḃairt ar uaċtar. Aċ, dúirt sé go ndéanfaí fiosrú faoi an scéal.

Gan aṁras. ar biṫ tá na coiníní an líonṁar ar fad ar Oileán Ṁuiġinis, agus tá siad ag déanaṁ cuid mór doċair. Is iontaċ an rud naċ dtéann daoine á seilg, agus is dóċa dá dtéaḋ, go mbeaḋ luaċ le fáil orṫa, ó ṁonarca próiséisiṫe Ċarna.

Is aisteaċ ar fad ċoṁ fada agus a ṫéid muinntir Ṁeiricea leis an ġrá atá acu do nósa na hÉireann. An ceann is déanaí ar fad, nó cúrsaí na móna. Ċualamar muinntir Ṁeiriceá go minic ag caint ar na tinte oscailte, ⁊ bolaḋ na móna. Aċ nuair a ḃí bean P. Hoffstoff as Pittsburg, i gConamara anuraiḋ, ċuaiġ sí píosa níos fuide, agus ṫeastaiġ uaiṫe cuid den ṁóin a ḟáil dona ṫiġ féin sa mbaile. Do ṡocraiġ sí le Pádraic Seoiġe, Sráid an Ṁargaiḋ, An Cloċán, le tonna móna a ċur na ḃaile ċuici go Pittsburg. Fuair an tUasal Seoiġe an ṁóin sleáin ón ṗortaċ. an áit ar ṫáiniġ Alcock agus Brown anuas san ċéad eiteallán treasna an Atlantaí, ⁊ ċuir sé isteaċ in 32 málaí canḃás é, agus ċuir sé le C.I.E. go Baile Áṫa Cliaṫ é, áit ar cuireaḋ ar aġaiḋ go dtí na Stáit Aontaiṫe é. Coicís coṫrom na ḋiaiḋ sin, ḃí litir aige ó Mrs. Hoffstoff, a rá gur ṫáiniġ an ṁóin ċuici slán. Is dóċa gur seo an ċéad lasta móna a cuireaḋ ariaṁ ó Ċonamara go dtí na Stáit Aontaiṫe. B'ḟéidir go mbeaḋ tionscail nua onnṁuiriṫe ann.

Ag cruinniú de ċoiste forbairte an Ċloċáin, toġaḋ: Caṫaoirleaċ. An tAṫair M. Eaton, S.C.; leas-ċaṫaoirleaċ, Tomás Breaṫnaċ; cisteoir, S. Ó Faċna; rúnaí, Pól Mac Parṫaláin. Bunaíoḋ fó-ċoiste ar leiṫ eagraíoċta. Cinneaḋ ag an ċruinniú, iarraiḋ ar an Coṁairle Condae, feaḃas do ċur ar na soilse sráide, agus naċ raiḃ go leor do na soilse sráide ann san am i láṫair.

Táṫar ag leagan síos casán coise nua ar an gCloċán agus ag déanaṁ iarraċt mór leis an baile a ḋéanaṁ níos néata.

Tá clubanna Ċonamara ana ṡásta leis an socrú nua go mbeiḋ cruinniṫe míosúil Ḃord Iarṫar na Gaillime od Ċumann Lúṫċleas Gael ag gaċ ré ċruinniú ag Crosaire an Ṁáma. agus Gaillim. Mar ais do ḃaill Ċonamara a rinneaḋ an t-aṫrú, agus is áit ana ḟeiliúnaċ ar fad dóiḃ, Crosaire an Ṁáma.

Cé naċ raiḃ mórán sneaċta go fóill aċ aṁáin ar ḃárr na mBeann i gConamara tá an aimsir fuar go maiṫ.

Táṫar le leiṫreas poiblí nua a ċur ar fáil do ḃaile an Ċloċáin leis. Pobal de timpeall 800 daoine atá ar an Ċloċán, agus tá an Coṁairle Condae ċun £3,200 a ċaiṫeaṁ ar leiṫreas poiblí don ḃaile. Ċinn an Coṁairle ar £3,200 fá ċoinne leiṫreas faoi talaṁ, in ionad £2,700 fá ċoinne leiṫreas os cionn talaṁ.

An Seanadóir Seán Ó Máinín agus Pádraic Seoiġe a ṁol agus a ċaḃraiġ go dtófaí an eliṫreas.

Cladaċ na Coirbe

Tá ceist na dtíṫe nua ar ċladaċ na Coiribe os coṁair an poḃail arís. Lunasa seo caite, nuair a ḃí molaḋ go mbeaḋ sraiṫ sealaeṫa á dtógáil ag Rinna Rúin ní raiḃ an Coṁairle Condae sásta, agus stopaḋ an tógáil. Anois, tá daoine in Uaċtar Árd, ag iarraiḋ ar an Ċoṁairle an rud céanna a ḋéanaṁ de ṫairḃe tiġ atá á ṫógáil in aice leis an ċéiḃ ansin, agus a ṁillfeaḋ raḋarc an loċa.

Aċ tugaḋ céad tógála agus tá ceisteanna dlí eile ann. Pléifear iad ag cruinniú in Uaċtar Árd Diardaoin, agus beiḋ an Bainisteoir Condae, agus an t-Innealtóir Condae, agus an tOifigeaċ Sláinte i láṫair ag an ċruinniú. Beiḋ na Coṁairleoirí ó'n ċeantar freisin, Seán Mac Eoċagáin, T.D., Pádraic Seoiġe, Séamas Ó Caiḋin, Seosaṁ Mac an Iomaire agus an Seanóir S. Ó Máinín.

Cinneaḋ é seo taréis éisteaċt le toscaireaċt ó Uaċtar Árd, ar a raiḃ Tomás Mac Cuinn, a ḃí ag iarraiḋ ar an Ċoṁairle an píosa talaiṁ i gceist a ḟorbairt mar ais poiblí. Dúirt an tUasal Mac Cuinn, gurḃ é sin an t-aon bealaċ aṁáin a ḃí ag an ṗobal ċuig an loċ idir Cnoc a' Dúin agus Cuilín na Muice. Tá sé ag teastáil go géar fá ċoinne ionad gluaisteán agus ionad snáiṁe, in forbairt tairḃeaċ an ḃaile seo, adúirt sé.

FOLUNTAIS DO STIURTHOIRI BUS

C.I.E

Beidh uimhir áirithe folúntas ann do Stiúrthóirí Bus i Seirbhísí Bus Chathair Átha Cliath ó mhí Feabhrá, 1965.

AOIS : Idir 18 mbliana agus 30 bliain
AIRDE : Idir 5'5" agus 5'9"
SCRUDÚ AGUS AGALLAMH : Caighdean an Teastais Bunscoile Cuirfear an Triail agus an tAgallamh ar siúl i Gaillimh.

Aon iarratasóir go n-éiríonn leis caithfidh sé dhá sheachtain ar chúrsa oiliúna agus gheobhaid sé liúntas de £4-18-3 in aghaidh ná seachtaine, sul má thosaíonn sé ag obair.
Iarratasóirí go n-éiríonn leo fostófar iad go sealadach i dtosach báire ar phá seachtaine nach lú ná £9-16-7. Tá seansanna ann do stiúrthóirí níos mó ná an méid seo a thuilleamh.
Tar éis téarma sásúil tástála de 12 mhí ceapfar ar an bhfoireann seasta iad.

Cuirtear iarratais i scríbhinn go dtí:—
An tOifigeach Foirne,
Seirbhísí Chathair Átha Cliath,
Coras Iompair Éireann,
59, Sráid Uí Chonaill, Uach,
Baile Átha Cliath, 1.
Tugtar aird na n-imirceoirí ar an bhfógra seo.
Dícháileofar aon duine a lorgaíonn fabhar.